# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2013

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Gnó

# Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013**

GNÓ –
GNÁTHLEIBHÉAL

# SCÉIM MHARCÁLA AGUS NÓTAÍ TACAÍOCHTA

Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála

Agus an scéim mharcála á breithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach.
- I gcuid mhaith cásanna d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna nótaí tacaíochta.
- Déantar pointí iomchuí breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.
- Cinntítear an mionsonrú a theastaíonn i bhfreagra ar bith tríd an gcomhthéacs agus tríd an mbealach ina gcuirtear an cheist, agus trí líon na marcanna a shanntar don fhreagra ar an bpáipéar scrúdaithe. Is féidir, mar sin, go n-athróidh riachtanais ó bhliain go bliain.

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT: GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL 2013

## SCÉIM MHARCÁLA

| ROINN 1 100 marc |
|---|
| **Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist** |

| CEIST | SCÉIM MHARCÁLA | IOMLÁN NA MARCANNA |
|---|---|---|
| 1 | An 1ú téarma ceart 1m + 1m + 1m (3)<br>An 2ú téarma ceart 1m + 1m + 1m + 1m (4)<br>An 3ú téarma ceart 1m + 1m + 1m (3) | 10 |
| 2 | **Trí** leibhéal: 4m + 3m + 3m | 10 |
| 3 | **Trí** chúis: 4m + 3m + 3m | 10 |
| 4 | **Trí** ghné: 4m + 3m + 3m | 10 |
| 5 | Míniúchán 6 mharc (3m + 3m)<br>Sampla 4 mharc | 10 |
| 6 | (i) Cóimheas an Chaipitil Oibre: 4 mharc<br>(ii) Cóimheas na Fíorthástála: 6 mharc | 10 |
| 7 | **Ceithre** chatagóir: 3m + 3m + 2m + 2m | 10 |
| 8 | **Dhá** ghné @ 5m an ceann | 10 |
| 9 | **Cúig** fhreagra @ 2 mharc an ceann | 10 |
| 10 | **Dhá** bhuntáiste @ 5m an ceann | 10 |
| 11 | **Trí** bhuntáiste: 4m + 3m + 3m | 10 |
| 12 | **Trí** rannóg: 4m + 3m + 3m | 10 |
| 13 | **Cúig** fhreagra @ 2 mharc an ceann | 10 |
| 14 | **Cúig** fhreagra @ 2 mharc an ceann | 10 |
| 15 | **Dhá** bhealach @ 5m (3m + 2m) | 10 |

# ROINN 2 – 300 marc

## ROINN 2 – CUID 1

**ÍOSMHÉID:** **CEIST AMHÁIN (75 MARC)**

**UASMHÉID:** **DHÁ CHEIST (150 MARC)**

## DAOINE SA GHNÓ

## CEIST 1

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 – téarmaí an Achta briste<br>Fógraíocht bhréagach/mhíthreorach 7 marc<br>**Dhá** shampla @ 4 mharc an ceann 8 marc | 15 |
| **(B)** | **Dhá** fheidhm atá ag an NCA:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(C)** | **Trí** bhuntáiste a bhainfeadh leis an gCúirt Mhionéileamh<br>7 marc (4m + 3m)<br>7 marc (4m + 3m)<br>6 mharc (3m + 3m) | 20 |
| **(D)** | **Trí** bhonn ar a bhfuil an leithcheal mídhleathach<br>@ 5 mharc an ceann | 15 |
| **(E)** | Ról **an Bhinse Comhionannais** cúnamh a thabhair sa chás leithcheala<br>10 marc (5m + 5m) | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## TIMPEALLACHT INTÍRE / IDIRNÁISIÚNTA

## CEIST 2

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | Litreacha – **CPT**: 3m + 1m +1m | 5 |
| **(B)** | **Dhá** fhoinse airgeadais @ 5 mharc an ceann | 10 |
| **(C)** | **Dhá** bhuntáiste @ 10 marc an ceann (5m + 5m) | 20 |
| **(D)** | **Dhá** bhuntáiste a d'fhéadfaí a bhaint @ 10 marc an ceann (5m + 5m) | 20 |
| **(E)** | **Dhá** fhreagracht i leith na timpeallachta @ 10 m an ceann (5m + 5m) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## TIMPEALLACHT INTÍRE / IDIRNÁISIÚNTA

### CEIST 3

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Barrachairt:**<br>Teideal 2 mharc<br>Lipéid 5 mharc<br>Barraí 8 marc (4 @ 2m) | 15 |
| **(B)** | **Trí** chúis a mbailíonn an Rialtas cáin @ 5 mharc an ceann | 15 |
| **(C)** | **Dhá** shlí a dtéann ardú cánach i bhfeidhm ar ghnó in Éirinn<br>@ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| **(D)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann Éire as ballraíocht san AE:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | **Dhá** institiúid de chuid an AE @ 5 mharc an ceann<br>Mínigh an ról atá ag **ceann amháin** díobh: 10 marc (5m + 5m) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

# ROINN 2 – CUID 2

**ÍOSMHÉID:** **2 CHEIST (150 MARC)**

**UASMHÉID:** **3 CHEIST (225 MARC)**

## FIONTRAÍOCHT / BAINISTÍOCHT

### CEIST 4

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Trí** thréith/scil fiontraíochta<br>@ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(B)** | **Dhá** riosca @ 5 mharc an ceann (3m + 2m)<br>**Dhá** luach saothair @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 20 |
| **(C)** | **Dhá** ghné de cheannaire daonlathach<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(D)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le obair foirne:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | **Dhá** sheirbhís a chuireann Boird Fiontar Contae/Cathrach ar fáil<br>@ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## BAINISTÍOCHT

## CEIST 5

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | Litreacha – **CGB**: 2m + 2m + 1m | 5 |
| **(B)** | Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu:<br>**Díbhinn** 8 marc (4m + 4m)<br>**Scairshealbhóirí** 7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(C)** | Dréachtaigh Fógra agus Clár CGB FLAXCO Teo.<br>**Fógra:** 5 mhír @ 2m an ceann<br>**'Clár'** 1 mharc<br>**Ábhair an chláir:** 5 mhír @ 2m an ceann<br>**Síniú:** 2 mharc<br>**Teideal:** 2 mharc | 25 |
| **(D)** | **Dhá** fheidhm atá ag Stiúrthóir Bainistíochta<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | **Dhá** bhac ar chumarsáid éifeachtach<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## BAINISTÍOCHT

## CEIST 6

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Ceithre** chineál árachais @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 20 |
| **(B)** | **Dhá** fhreagracht i leith fostaithe @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| **(C)** | **Dhá** mhír a chuirfí san áireamh i rannóg na n-íocaíochtaí<br>@ 5 mharc an ceann | 10 |
| **(D)** | **Dhá** thoisc ba chóir do bhanc a chur san áireamh sula dtabharfaí iasacht bhainc<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | An molfá don bhanc an iasacht a thabhairt?<br>**Mholfainn/Ní mholfainn:** 2 mharc<br>**Dhá** chúis @ 9 marc an ceann (5m + 4m) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

| BAINISTÍOCHT / GNÓ I nGNÍOMH |
|---|

## CEIST 7

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | Mínigh **'Baisctháirgeadh'**<br>10 marc (5m + 5m) | 10 |
| **(B)** | **Dhá** fhoinse inmheánacha @ 5 mharc an ceann<br>**Dhá** fhoinse sheachtracha @ 5 mharc an ceann | 20 |
| **(C)** | **Saolré Táirge:**<br>5 chéim ordaithe @ 2 mharc an ceann<br>2 ais lipéadaithe @ 1 mharc an ceann<br>Léaráid cheart: 3 mharc | 15 |
| **(D)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann Bréagáin ACE Teo as a shuíomh gréasáin féin a bheith aige @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| **(E)** | **Meán fógraíochta:** 6 mharc<br>**Dhá** chúis leis an rogha sin @ 7 marc an ceann (4m + 3m) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

| BAINISTÍOCHT / GNÓ I nGNÍOMH |
|---|

## CEIST 8

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Trí** bhuntáiste a bhaineann le hainm branda<br>7 marc (4m + 3m)<br>7 marc (4m + 3m)<br>6 mharc (3m + 3m) | 20 |
| **(B)** | **Míniúchán** ar 'Ghné Uathúil Dhíolacháin': 10 marc (5m + 5m) | 10 |
| **(C)** | Míniúchán ar **dhá** chéim i bpróiseas forbartha an táirge:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(D)** | **Litir iarratais:**<br>Seoladh an tSeoltóra 2m<br>Seoladh an Fhaighteora 2m<br>Dáta 2m<br>Tagairt 1m<br>Beannú Oscailte 1m<br>Beannú Deiridh 1m<br>Síniú 1m<br><br>Ábhar: 10 bpointe @ 1 mharc an ceann | 20 |
| **(E)** | Fostóir Comhionannas Deiseanna: **Míniúchán:** 10 marc (5m + 5m) | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

# GNÓ AT – GNÁTHLEIBHÉAL – NÓTAÍ TACAÍOCHTA

**ROINN 1: CEISTEANNA GEARRFHREAGRA 100 Marc**

| Ceist | | Marcanna |
|---|---|---|
| **1** | **ÍMAT** – Íoc mar a Thuillir<br>**ÁSPC** – Árachas Sóisialta Pá Choibhneasta<br>**USC** – Muirear Sóisialta Uilíoch | 10 |
| **2** | **Tosaíochtaí an Riachtanais ag Maslow:**<br><br>5. ***Riachtanais Féinachtála***<br>4. ***Riachtanais Urraime***<br>3. ***Riachtanais Shóisialta***<br>2. Riachtanais Sábháilteachta/Slándála<br>1. Riachtanais Fhiseolaíocha/Fhisiciúla | 10 |
| **3** | **Trí chúis a smaoineodh duine ar a bheith ina f(h)iontraí:**<br>• I gceannas ort féin / féinfhostaithe / neamhspleách / a chine féin<br>• Airgead/brabús a thuilleamh<br>• A bheith rathúil/cumhacht a bheith agat<br>• Dúshlán a chur romhat féin agus sásamh pearsanta má éiríonn leat<br>• Sásamh a bhaint as riosca a thógáil<br>• Fostaíocht a chruthú<br>• Leanúint le traidisiún teaghlaigh. | 10 |
| **4** | **Gnéithe den Chumasc Margaíochta:**<br>TÁIRGE ***PRAGHAS*** ***ÁIT*** ***PROMÓISEAN*** | 10 |
| **5** | **Mínigh 'Cuideachta Ilnáisiúnta' agus luaigh sampla amháin:**<br>Is éard is cuideachta ilnáisiúnta ann ná gnó a bhfuil a cheanncheathrú i dtír amháin agus a bhfuil go leor bonn/brainsí aige i dtíortha eile<br>Sampla: Glanbia, Kerry Group, Hewlett Packard | 10 |
| **6** | **Ríomh Cóimheas an Chaipitil Oibre agus Cóimheas na Fíorthástála:**<br>**(i)** ***Cóimheas an Chaipitil Oibre:***<br>***Sócmhainní Reatha : Fiachais Reatha***<br>280,000 : 140,000<br>2 : 1<br><br>**(ii)** ***Cóimheas na Fíorthástála***<br>***Sócmhainní Reatha – Stoc Deiridh: Fiachais Reatha***<br>280,000 – 70,000 : 140,000<br>210,000 : 140,000<br>1.5 : 1 | 10 |

**7** **Cuir catagóirí in iúl:** (10)

| Cuir catagóirí in iúl: | Easpórtáil Shofheicthe | Easpórtáil Dhofheicthe | Iompórtáil Shofheicthe | Iompórtáil Dhofheicthe |
|---|---|---|---|---|
| Turasóirí Astrálacha in Éirinn le haghaidh 'An Tóstal 2013' | | ✓ | | |
| Cáis Ghréagach a dhíoltar in Éirinn | | | ✓ | |
| Uaineoil Éireannach a dhíoltar sa Fhrainc | ✓ | | | |
| *Ceolchoirm Justin Timberlake san O2 i mBaile Átha Cliath* | | | | ✓ |

**8** **Liostaigh dhá ghné de chonradh bailí:** 10

- Tairiscint ] Comhaontú
- Glacadh ]
- Comaoin
- Toiliú le Conrú
- Cumas le Conrú
- Dlíthiúlacht Foirme
- Dlíthiúlacht Cuspóra

**9** **Luaigh cé acu taighde DEISCE nó taighde ALLAMUIGH iad na teicnící taighde margaidh seo a leanas.** 10

| TEICNÍCÍ TAIGHDE MARGAIDH | DEASC nó ALLAMUIGH |
|---|---|
| **1.** Ceistneoir | ALLAMUIGH |
| **2.** Staitisticí ón bPríomh-Oifig Staidrimh | DEISCE |
| **3.** Foilseacháin Rialtais | DEISCE |
| **4.** Grúpa Fócais | ALLAMUIGH |
| **5.** Breathnóireacht | ALLAMUIGH |

**10** **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann leis an léasú mar fhoinse airgeadais sa mheántéarma:** 10

- Ní theastaíonn aon chaipiteal/chnapshuim chun an tsócmhainn a cheannach
- Ní chaillfidh an gnólacht airgead nuair a dhímheasann an tsócmhainn
- Níl aon urrús ag teastáil
- Tar éis don tréimhse léasaithe dul in éag, is féidir sócmhainn nua a ghabháil le socrú léasaithe eile

**11** **Liostaigh trí bhuntáiste a bhaineann gnólacht as infheistiú i dteicneolaíocht nua:** 10

- Éiríonn táirgeadh níos éifeachtúla / sábháiltear am
- Déantar níos lú earráidí /
- Íslítear costais táirgeachta
- Ceadaíonn sé cumarsáid ar fud an domhain láithreach – ríomhphoist, físchomhdháil.
- Is féidir é a úsáid i gcomhair réamhaisnéis agus pleanáil airgeadais – ráitis ar shreabhadh airgid, scarbhileoga
- Cuireann sé ar chumas fostaithe agus bainisteoirí oibriú ó bhaile – ríomhairí glúine, iPad.
- Tig le gnólachtaí margaíocht agus fógraíocht ar líne a dhéanamh óna suíomhanna gréasáin féin – cothaíonn sé seo tuilleadh díolachán
- Tig le gnólachtaí díolachán ar líne a dhéanamh óna suíomhanna gréasáin féin – ardaíonn sé brabús.

<table>
<tr><td>12</td><td>Comhlánaigh struchtúr eagrúcháin feidhmiúil ag gnólacht a bhfuil ceithre rannóg ann<br><ul><li>ACMHAINNÍ DAONNA</li><li>TÁIRGEADH</li><li>DÍOLACHÁIN</li><li>TAIGHDE & FORBAIRT</li><li>MARGAÍOCHT</li><li>TF</li><li>RIALÚ CÁILÍOCHTA</li></ul></td><td>10</td></tr>
<tr><td>13</td><td>Meaitseáil na Téarmaí Gnó i gColún 1 leis na Míniúcháin i gColún 2:<br><table><tr><th>1</th><th>2</th><th>3</th><th>4</th><th>5</th></tr><tr><td>D</td><td>F</td><td>E</td><td>B</td><td>C</td></tr></table></td><td>10</td></tr>
<tr><td>14</td><td>Scríobh FÍOR nó BRÉAGACH i ndiaidh na ráiteas seo a leanas:<br><table><tr><th colspan="2">RÁITEAS</th><th>FÍOR nó BRÉAGACH</th></tr><tr><td>1.</td><td>Ráiteas ar shóchmhainní agus ar fhiachais é an Clár Comhardaithe.</td><td>FÍOR</td></tr><tr><td>2.</td><td>Baineann Rialú Cáilíochta le monatóireacht a dhéanamh ar an méid airgid atá ag gnólacht ar a chuid custaiméirí</td><td>BRÉAGACH</td></tr><tr><td>3.</td><td>Is éard is Plean Oirbheartaíochta ann ná plean fadtéarmach atá leagtha amach ag an ngnólacht.</td><td>BRÉAGACH</td></tr><tr><td>4.</td><td>Tugann Ráiteas Misin breac-chuntas ar a bhfuil i gceist ag gnólacht a dhéanamh.</td><td>FÍOR</td></tr><tr><td>5.</td><td>Sampla de phlean airgeadais is ea sreabhadh airgid.</td><td>FÍOR</td></tr></table></td><td>10</td></tr>
<tr><td>15</td><td>Tabhair breac-chuntas ar dhá bhealach chun luach saothair a thabhairt d’fhostaithe:<ul><li>Bunphá – íocaíocht bunaithe ar chonradh</li><li>Táscráta – íocaíocht bunaithe ar líon na míreanna a tháirgtear</li><li>Amráta – íocaíocht bunaithe ar líon na n-uaireanta a oibrítear</li><li>Coimisiún – íocaíocht bunaithe ar chéatadán na ndíolachán a dhéantar</li><li>Sochar Comhchineáil (Peorcaisí) – íocaíocht nach airgead tirim é e.g. carr cuideachta / guthán / ríomhaire glúine / iPad / árachas sláinte</li><li>Scair-Roghanna – scaireanna sa chuideachta a thabhairt d’fhostaithe</li><li>Roinnt Brabúis – tugtar roinnt den bhrabús d’fhostaithe.</li></ul></td><td>10</td></tr>
<tr><td></td><td>MARCANNA ATÁ AR FÁIL</td><td>100</td></tr>
</table>

# ROINN 2

## CUID 1

| CEIST 1: | DAOINE SA GHNÓ |
|---|---|


| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Mínigh conas a bhris Sunhols téarmaí an Achta um Chosaint Tomhaltóirí, 2007**<br>• Fógraíocht bhréagach/mhíthreorach – fógraíodh árasán a bheith suite os cionn na trá ach bhí sé trí chiliméadar istigh faoin tír<br>• Cleachtas díolacháin bréagach/míthreorach – ní raibh aon bhialann ar an suíomh ach dúirt an cúntóir díolacháin leo go mbeadh<br>• Faisnéis bhréagach/mhíthreorach – níor oscail an Club Leanaí a luadh i mbróisiúr na cuideachta go dtí mí Iúil | 15 |
| **(B)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá fheidhm atá ag an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (NCA).**<br>• Sainleasanna agus leasanna na dtomhaltóirí a chur chun cinn agus a chosaint<br>• Na dlíthe tomhaltais iomchuí a fhorfheidhmiú<br>• Comhlíonadh an dlí iomchuí a spreagadh<br>• Imscrúdú a dhéanamh ar chionta amhrasta faoi aon cheann de na dlíthe iomchuí<br>• Cásanna a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nuair is iomchuí. | 15 |
| **(C)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí bhuntáiste a bhainfeadh Clíona as cás a thabhairt chuig an gCúirt Mhionéileamh:**<br>• Modh réitithe saor – €25 chun cás a thógáil<br>• Níl aon dlíodóirí páirteach – ní chosnóidh sé tuilleadh airgid ar Chlíona<br>• Áisiúil – éistear cásanna sa Chúirt Dúiche<br>• Éistear le cásanna a bhaineann le méideanna suas le €2000<br>• Modh réitithe cothrom – Éisteann an breitheamh leis an dá thaobh agus tugann sé réiteach | 20 |
| **(D)** | **Liostaigh trí bhonn ar a bhfuil an leithcheal mídhleathach faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998:**<br>• Inscne – fireann/baineann<br>• Stádas pósta – singil/pósta/scartha/colscartha<br>• Stádas Teaghlaigh – clann/toircheas<br>• Reiligiún – creideamh<br>• Aois<br>• Cine – teacht as tír eile/dath craicinn<br>• Míchumas – fisiciúil / míchumas meabhrach<br>• Gnéaschlaonadh – rogha gnéis<br>• Duine den lucht siúil. | 15 |

| | | |
|---|---|---|
| **(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar ról an Bhinse Comhionannais cúnamh a thabhairt do Pavel ina chás leithcheala**<br><br>• Is comhlacht neamhspleách atá sa Bhinse Comhionannais a bunaíodh chun iniúchadh a dhéanamh nó chun idirghabháil a dhéanamh i gcásanna/ngearáin leithcheala fostaí a thagann faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2011 agus na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2011.<br>• Éascóidh idirghabhálaí ón mBinse na páirtithe chun comhaontú idirghafa a shroicheadh atá ina cheangal dlí.<br>• I gcás go gcuireann páirtithe i gcoinne idirghabhála, éistfidh Oifigeach ón mBinse Comhionannais le cás, a éistfidh le fianaise ón dá pháirtí sula ndéanfaidh an tOifigeach cinneadh atá ina cheangal dlí<br>• Caithfear cásanna leithcheala a dhéanamh leis an Stiúrthóir laistigh de 6 mhí, ach d'fhéadfaí é seo a shíneadh chuig 12 mhí má tá cúis réasúnach ann.<br>• Cé go bhfuil cinntí ina gceangal dlí, is féidir achomharc a dhéanamh ina n-aghaidh chuig an gCúirt Oibreachais nó chuig an gCúirt Chuarda.<br>• D'fhéadfaí torthaí cúiteamh a mholadh, ordú a dhéanamh le haghaidh íocaíocht chomhionann nó cóireáil chomhionann agus/nó ordú a dhéanamh gur cheart do dhuine éigin gníomh ar leith a dhéanamh.<br><br>I gcás Pavel, d'fhéadfaí ardú céime a thairiscint dó nó, rud atá níos dóchúla, cúiteamh airgid. | 10 |
| | **MARCANNA ATÁ AR FÁIL** | **75** |

| CEIST 2: | TIMPEALLACHT INTÍRE / IDIRNÁISIÚNTA |
|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **CPT:** Cuideachta Phoiblí Theoranta | 5 |
| **(B)** | **Liostaigh dhá fhoinse airgeadais is féidir le Cógaisíocht Glentronic a úsáid don fhairsingiú**<br>• scaireanna a eisiúint<br>• Bintiúr/Iasacht fhadtéarmach<br>• Tuilleamh Coimeádta/Cúlchistí/Brabúis a chuirtear ar ais sa chuideachta<br>• Deontais Rialtais/AE | 10 |
| **(C)** | **Mínigh dhá bhuntáiste a d'fhéadfadh baile mór Ghleann na Mainistreach a bhaint as Cógaisíocht Glentronic**<br>• Fostaíocht – Fostaíonn Cógaisíocht Glentronic breis agus 600 duine<br>• Feabhsaíonn sé an caighdeán maireachtála i nGleann na Mainistreach – caitear an pá a íoctar sa bhaile<br>• Cruthaíonn sé seachghnó – d'fhéadfadh gnólachtaí eile bunú chun seirbhísí a chur ar fáil do Chógaisíocht Glentronic<br>• Tugann sé gnó chuig Gleann na Mainistreach – custaiméirí / soláthraithe Chógaisíocht Glentronic<br>• Spreagann sé gnólachtaí eile iad féin a bhunú sa bhaile | 20 |
| **(D)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a d'fhéadfadh Cógaisíocht Glentronic baint as leathnú isteach i margadh na hÁise:**<br>• Rochtain ar mhargadh níos leithne – margadh beag intíre<br>• Díolacháin ardaithe – de bharr margadh níos leithne<br>• Brabús ardaithe – beidh tuilleadh brabúis ann de bharr tuilleadh díolachán<br>• Laghdú i gcostas táirgthe – de bharr barainneachtaí scála | 20 |
| **(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá fhreagracht atá ar Chógaisíocht Glentronic i leith na timpeallachta**<br>• Truailliú a íoslaghdú – astú gáis etc.<br>• Táirgí dramhaíola a íoslaghdú – laghdaigh/athúsáid/athchúrsáil<br>• Aistriú chuig foinsí in-athnuaite fuinnimh nuair is féidir – laghdaigh an úsáid a bhaintear as breosla iontaise<br>• Forbairt inbhuanaithe – an timpeallacht a chosaint agus a chaomhnú do na glúine atá ag teacht | 20 |
| | **MARCANNA ATÁ AR FÁIL** | **75** |

| CEIST 3: | TIMPEALLACHT INTÍRE / IDIRNÁISIÚNTA |
|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Dréachtaigh barrachairt**<br> | 15 |
| **(B)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí chúis a mbailíonn an Rialtas cáin**<br>• Chun seirbhísí ríthábhachtacha a chur ar fáil do shaoránaigh e.g. cúram sláinte<br>• Chun tuarastail oibrithe san earnáil phoiblí a íoc e.g. múinteoirí, altraí, an tseirbhís dóiteáin<br>• Chun liúntais um choimirce sóisialta a íoc e.g. liúntas dífhostaíochta, pinsin<br>• Chun bonneagar a fheabhsú e.g. bóithre, aerfoirt, teileachumarsáid<br>• Chun fiontair faoi úinéireacht an stáit a mhaoiniú e.g. CIÉ, RTÉ, Coillte<br>• Chun fiachas náisiúnta a íoc. | 15 |
| **(C)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí a dtéann ardú cánach i bhfeidhm ar an ngnó in Éirinn.**<br>• Caillteanas díolachán/éileamh laghdaithe – tá níos lú ioncam indiúscartha ag custaiméirí<br>• Brabús laghdaithe – mar gheall ar chánacha níos airde<br>• Costais mhéadaithe – méadú ar chostais soláthairtí/amhábhar<br>• Laghdú ar an líon foirne – de bharr ardchostais táirgthe<br>• Dídhreasú le fairsingiú – de bharr easpa maoinithe agus cáin bhreise ar bhrabús. | 10 |

| | | |
|---|---|---|
| (D) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann Éire as ballraíocht san Aontas Eorpach (AE).**<br>• Margadh aonair – rochtain ar mhargadh níos leithne (500 milliún)<br>• Saorghluaiseacht earraí, seirbhísí, caipitil agus daoine<br>• Cúnamh deontais chun an bonneagar a fheabhsú<br>• Deireadh le rioscaí an ráta malartaithe/luaineachtaí airgeadra do thíortha i limistéar an Euro<br>• Mealltar cuideachtaí ilnáisiúnta chun na hÉireann mar thairseach chuig margadh na hEorpa<br>• D'fheabhsaigh CAP agus SFP talmhaíocht agus iascaigh na hÉireann<br>• Níos mó turasóireachta ó thíortha de chuid an AE<br>• Cuirtear maoiniú/comhairle ar fáil chun an tír a athchaipitliú. | 15 |
| (E) | **Ainmnigh dhá institiúid de chuid an AE agus mínigh an ról atá ag ceann amháin díobh**<br>- An Coimisiún Eorpach<br>- Parlaimint na hEorpa<br>- Comhairle an AE<br>- Cúirt Iniúchóirí na hEorpa<br>- Cúirt Bhreithiúnais an AE<br>- An Banc Ceannais Eorpach (ECB)<br><br>**An Coimisiún Eorpach**<br>• An príomhchomhlacht atá freagrach as an AE a rith – tugann sé aire do bhainistiú laethúil an AE<br>• Tugann sé moltaí le haghaidh dlíthe nua chun cinn<br>• Cuireann sé reachtaíocht reatha i bhfeidhm<br>• Bainistíonn sé buiséad an AE<br>• Déanann sé idirbheartaíocht ar chonarthaí idirnáisiúnta<br>• Caithfidh sé feidhmiú chun leasa is fearr an AE agus go neamhspleách ar rialtais na mballstát.<br><br>**Parlaimint na hEorpa**<br>• An t-aon chomhlacht a thoghann saoránaigh an AE go díreach<br>• Feidhmíonn na Feisirí tofa de Pharlaimint na hEorpa mar fhoras faire maoirseachta ar gach gné de ghníomhaíochtaí an AE, lena n-áirítear an Coimisiún agus an Chomhairle<br>• Déantar díospóireacht agus caitear vótaí ann ar dhlíthe agus beartais nua a bheartaíonn an Coimisiún<br>• Tá sé de chumhacht aici reachtaíocht a mholann an Coimisiún a dhiúltú<br>• Níl cumhacht aici a reachtaíocht féin a dhréachtú<br>• Faomhann sí buiséad bliantúil an AE agus déanann sí monatóireacht ar chaiteachas<br>• Tig léi Coimisinéirí an AE a cheistiú agus a gceapadh a fhaomhadh/dhiúltú. | 20 |

| | | |
|---|---|---|
| | **An Chomhairle Eorpach**<br>• Cuimsíonn ceannairí stáit nó rialtas i mballstáit an AE an Chomhairle Eorpach<br>• Tagann sí le chéile ceithre huaire sa bhliain ar a laghad chun clár oibre beartais an AE a leagan amach<br>• Níl aon chumhacht reachtach foirmiúil aici<br>• Sainmhíníonn sí tosaíochtaí agus treo polaitiúil ginearálta an AE<br>• Is í an Chomhairle, dá bhrí sin, comhlacht straitéiseach agus réiteach fadhbanna an AE<br>• Gníomhaíonn sí mar Cheannaire Stáit comhchoiteann<br><br>**Comhairle an AE**<br>• Cuimsíonn Aire amháin as gach ballstát Comhairle an AE<br>• Príomhchomhlacht cinnteoireachta san AE – glacann sí na cinntí deireanacha ar gach dlí nua de chuid an AE<br>• Déantar cinntí trí vótáil tromlaigh cháilithe<br>• Leagann sí cuspóirí amach don AE<br><br>**Cúirt Iniúchóirí na hEorpa**<br>• Déanann sí iniúchadh ar ioncam agus caiteachas an AE<br>• Cinntíonn sí go gcaitear buiséad an AE go héifeachtúil agus go freagrach<br>• Déanann sí iarracht uasluach ar airgead a chinntiú do gach saoránach san AE.<br><br>**Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**<br>• Freagrach as a chinntiú go léirmhíníonn agus go bhforfheidhmíonn na ballstáit dlíthe agus treoracha an AE<br>• Cúirt neamhspleách a mhaoirsíonn forfheidhmiú comhaontuithe<br>• Cinntíonn sí go léirmhíníonn ballstáit faisnéis an chomhphobail i gceart<br>• Éisteann sí cásanna a thugann Rialtais, cuideachtaí agus daoine aonair chuici i gcás go bhfuil agóid i dtaobh dlí de chuid an AE.<br><br>**An Banc Ceannais Eorpach (ECB)**<br>• Banc Ceannais an euro, príomhairgeadra an AE.<br>• Is é a phríomhthasc cumhacht ceannacháin an AE a chothabháil<br>• Chomh maith leis sin chun cobhsaíocht praghais i limistéar an euro a chothabháil (17 thír AE)<br>• Socraíonn sé ráta úis Limistéar an Euro.<br>• Rialaíonn sé boilsciú san AE. | |
| | **MARCANNA ATÁ AR FÁIL** | **75** |

# CUID 2

| CEIST 4: | FIONTRAÍOCHT / BAINISTÍOCHT |
|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí cinn de thréithe/scileanna fiontraíochta a léirigh Seán.**<br>• Nuálach/cruthaitheach – bhí smaoineamh aige, d'fhorbair sé an Aip<br>• Cinntitheach – chinn sé gnó nua a bhunú<br>• Duine a thógann riosca – bhunaigh sé SNAPAPPY gan aon chinnteacht go n-éireodh leis<br>• Muiníneach – bhunaigh sé gnó<br>• Fuinniúil/Dícheallach – d'oibrigh sé uaireanta fada chun an Aip a chruthú<br>• Uaillmhianach/dírithe ar an todhchaí – ag iarraidh tuilleadh Aipeanna a fhorbairt. | 15 |
| **(B)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá riosca agus ar dhá luach saothair do Sheán agus a ghnó féin á chur ar bun aige.**<br>***Rioscaí:***<br>• Teip féideartha – seans nach n-éireodh leis an ngnó<br>• Fadhbanna airgid – b'fhéidir nach mbeadh dóthain airgid aige chun gnó a rith / tá sé deacair maoiniú a thiomsú sna cúinsí reatha eacnamaíochta<br>• Strus – caithfear uaireanta fada a oibriú chun gnó a bhunú<br>• Iomaíocht – b'fhéidir nach mbeadh sé in ann dul in iomaíocht le gnólachtaí eile atá ann<br>• Dliteanas neamhtheoranta má theipeann ar an ngnó.<br><br>***Luachanna Saothair:***<br>• Saibhreas/rathúlacht/cumhacht – d'fhéadfadh an gnó brabús a dhéanamh<br>• Coinníonn sé na brabúis go léir – ní bheidh air cuntais a fhoilsiú<br>• I gceannas air féin – déanann sé na cinntí go léir<br>• Neamhspleách – ní bhraitheann sé ar dhaoine eile<br>• Rathúlacht/Cumhacht – b'fhéidir go n-éireodh go han-mhaith leis an ngnó. | 20 |
| **(C)** | **Mínigh dhá ghné de stíl dhaonlathach cheannaireachta.**<br>• Tarmligean – tugann sé/sí údarás agus freagracht do bhaill foirne<br>• Sainchomhairliúchán le foireann – lorgaíonn sé/sí tuairimí na foirne<br>• Muinín san fhoireann go bhfuil siad in ann an obair a dhéanamh<br>• Cumarsáid leis an bhfoireann – coinníonn sé/sí an fhoireann ar an eolas faoi phleananna gnó<br>• Stíl cheannaireachta chuimsitheach, infhiontraíocht. | 15 |

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | **Mínigh dhá bhuntáiste a bhaineann le hobair foirne in 'Snapappy':**<br>• Meanma / spreagadh / sástacht poist feabhsaithe i measc na bhfostaithe<br>• Cinnteoireacht níos fearr – smaoinítear ar réitigh roimh ré<br>• Réiteach fadhbanna cruthaitheach<br>• Forbairt smaointe nua<br>• Freagracht roinnte / cuireann gach ball foirne leis<br>• Feabhsaítear caighdeán na hoibre. | 15 |
| **(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá sheirbhís a chuireann Boird Fiontar Contae/Cathrach ar fáil:**<br>• Cúnamh deontais do ghnó áitiúil le tosú, forbairt agus fairsingiú<br>• Comhairle maidir le gnó beag a bhunú nó a fhairsingiú<br>• Oiliúint i mbainistiú, buiséadú, margaíocht, scileanna TF<br>• Meantóireacht – breathnaíonn daoine gnó a bhfuil taithí acu ar an bhfiontraí agus cuireann siad comhairle air – cúnamh le cinnteoireacht. | 10 |
| | **MARCANNA ATÁ AR FÁIL** | **75** |

| **CEIST 5:** | **BAINISTÍOCHT** |
|---|---|


<table>
<tr><td>(A)</td><td>CGB: Cruinniú Ginearálta Bliantúil</td><td>5</td></tr>
<tr><td>(B)</td><td>Mínigh ‘Díbhinn’ agus ‘Scairshealbhóirí’:<br>Díbhinn – is é seo an chuid den bhrabús a thugtar d’úinéirí (scairshealbhóirí) tar éis an cháin a íoc.<br>Scairshealbhóirí – úinéirí gnólachta a infheistíonn a gcuid airgid féin le súil go ndéanfaidh siad brabús.</td><td>15</td></tr>
<tr><td>(C)</td><td>Dréachtaigh Fógra agus Clár CGB Flaxco Teo. a chuir rúnaí na cuideachta, Miriam Uí Annáin amach. (Ní mór cúig mhír ar a laghad a bheith sa chlár.):<br><br>FÓGRA:<br>25 Meitheamh 2013<br><br>Beidh CGB Flaxco Tta ar siúl in óstán an Marriot, Ráth Maonais, Dé hAoine, 19 Iúil 2013 ag 3.00 p.m.<br><br>CLÁR:<br>1. Miontuairiscí CGB 2012<br>2. Nithe a eascraíonn as na miontuairiscí<br>3. Tuarascáil an Chathaoirligh<br>4. Tuarascáil Iniúchóra<br>5. Dearbhú Díbhinne<br>6. Ceapadh Iniúchóirí<br>7. Toghadh Stiúrthóirí<br>8. Aon Ghnó Eile/AGE (AOB)<br><br>Sínithe: Miriam Uí Annáin<br>Miriam Uí Annáin<br>Rúnaí na Cuideachta</td><td>25</td></tr>
<tr><td>(D)</td><td>Tabhair breac-chuntas ar dhá fheidhm atá ag Stiúrthóir Bainistíochta cuideachta.<br>• Ritheann sé/sí an gnó thar ceann na scairshealbhóirí<br>• Tá sé/sí freagrach as gníomhaíochtaí laethúla an ghnólachta<br>• Buaileann sé/sí le Cinn Roinne ar bhonn rialta<br>• Buaileann sé/sí le Bord na Stiúrthóirí ar bhonn míosúil<br>• Cinntíonn sé/sí go bhforfheidhmítear beartais agus cinntí an Bhoird<br>• Tá sé/sí freagrach as Plean Gnó a fhorbairt</td><td>15</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **(E)** | **Ainmnigh agus mínigh dhá bhac ar chumarsáid éifeachtach.**<br><br>• D'fhéadfadh nach bhfuil an teanga a úsáidtear cuí nó go bhféadfaí ciall chontráilte a bhaint aisti – an iomarca béarlagair a úsáid – teachtaireacht nach bhfuil cumtha go maith<br>• Modh mícheart roghnaithe – gan an meán ceart a úsáid don fhaisnéis a tugadh<br>• Gan bheith ag éisteacht nó ag díriú ar an gcainteoir<br>• Caidrimh – droch-chaidreamh idir an seoltóir agus an faighteoir<br>• Uainiú – teachtaireacht tugtha ródheireanach le bheith éifeachtach<br>• Ábhar míchuí a úsáid – an iomarca faisnéise tugtha – an phríomhtheachtaireacht caillte<br>• Easpa aiseolais go bhfuarthas nó gur tuigeadh an teachtaireacht<br>• Clis trasnaíochta/teicneolaíochta. | 15 |
| | **MARCANNA ATÁ AR FÁIL** | **75** |

| CEIST 6: | BAINISTÍOCHT |
|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Tabhair breac-chuntas ar cheithre chineál árachais a mbeifeá ag súil leis a bheadh ag Ionad Eachaíochta Lios Carraige:**<br>• ***Árachas Dliteanais Phoiblí*** – i gcás éileamh a dhéanann baill an phobail tar éis timpistí ar an áitreabh<br>• ***Árachas Dliteanais Fostóra*** – tugann sé cosaint in aghaidh éileamh a dhéanann fostaithe de bharr timpistí san ionad oibre.<br>• ***Árachas Gluaisteán*** – árachas reachtúil do gach feithicil mótair<br>• ***Árachas Réadmhaoine*** – in aghaidh tine/gada/tuile ar an áitreabh<br>• ***Árachas Caillteanais Iarmhartaigh*** – clúdaíonn sé in aghaidh caillteanas brabúis de bharr dúnadh sealadach mar gheall ar thine/thuile<br>• ***Árachas Ráthaíochta Dílseachta*** – cosnaíonn sé in aghaidh gada a dhéanann fostaithe. | 20 |
| **(B)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá fhreagracht atá ar Ionad Eachaíochta Lios Carraige i leith a chuid fostaithe.**<br>• Pá réasúnta a íoc – an t-íosphá ar a laghad<br>• Caitheamh go cothrom le gach fostaí – gan aon leithcheal<br>• Coinníollacha oibre atá sábháilte agus folláin a sholáthar<br>• Laethanta saoire reachtúla a thabhairt<br>• Ceadú don fhoireann a bheith ina mbaill de cheardchumann. | 10 |
| **(C)** | **Liostaigh dhá mhír a chuirfí san áireamh i rannóg na n-íocaíochtaí den réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid thuas.**<br>• Árachas • Leictreachas \| • Pá • Amhábhair/amhsholáthairtí \| • Breosla • Beathú/airnéis chapaill. | 10 |
| **(D)** | **Mínigh dhá thoisc ba chóir do bhanc a chur san áireamh sula dtabharfaí iasacht bhainc d'Ionad Eachaíochta Lios Carraige.**<br>• Cumas an iasacht a aisíoc – an bhfuil siad in ann íoc as an iasacht<br>• Urrús comhthaobhach – slándáil leis an iasacht<br>• Stair chreidmheasa – ar íoc siad iasachtaí roimhe seo<br>• Tiomantais airgeadais eile. | 15 |
| **(E)** | **Bunaithe ar an réamhaisnéis faoin Sreabhadh Airgid thuas, an molfá don bhanc an iasacht a thabhairt d'Ionad Eachaíochta Lios Carraige? Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis le do fhreagra**.<br>**Mholfainn**<br>• Sreabhadh airgid dearfach ar feadh 3 mhí<br>• Tá an gnó in ann na costais a chlúdach go héasca<br>• Tuilleadh ioncaim sa todhchaí má fhairsingíonn siad<br>• Is féidir leo íoc as na haisíocaíochtaí<br>• D'fhéadfaí an caifé agus ionad gníomhaíochta a úsáid mar urrús comhthaobhach.<br>**Ní mholfainn**<br>• Bíonn ardú ar dhíolacháin sa samhradh<br>• Riosca teipe<br>• Braitheann an gnó ar an aimsir<br>• D'fhéadfadh nach mbeidís in ann aisíoc le linn an gheimhridh<br>• Ní leor an tuar sreafa airgid – teastaíonn plean gnó ón mbanc. | 20 |
| | **MARCANNA ATÁ AR FÁIL** | **75** |

| CEIST 7: | BAINISTÍOCHT / GNÓ I nGNÍOMH |
|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Mínigh an bhrí atá leis an téarma 'Baiscthháirgeadh'.**<br>Táirgtear méid nó cainníocht áirithe táirge ag an am céanna, agus aistríonn táirgeadh go baisc nó grúpa éagsúil ina dhiaidh sin. Cuirtear obair ar gach céim den táirgeadh i gcrích sula gcuirtear tús le baisc nua.<br>e.g. i mbácús, baisc builíní agus baisc scónaí ina dhiaidh sin. | 10 |
| **(B)** | **Déan cur síos ar dhá fhoinse inmheánacha agus ar dhá fhoinse sheachtracha de smaointe le haghaidh táirgí nua i gcomhair Bréagáin ACE Teo.**<br>***Inmheánach:***<br>• Rannóg Taighde agus Forbartha<br>• Ransú Smaointe<br>• Aiseolas ón bhfoireann díolacháin<br>• Infhiontraíocht, cothaítear smaointe nuair a spreagtar an fhoireann<br><br>***Seachtrach:***<br>• Smaointe iomaitheoirí a chóipeáil<br>• Treochtaí/faisin nua<br>• Aiseolas ó chustaiméirí / taighde margaidh<br>• Ionadú a iompórtáil<br>• Comhairle ó ghníomhaireachtaí stáit<br>• Aistir ar lear. | 20 |
| **(C)** | **Dréachtaigh Saolré Táirge do 'SPRAOI' agus cuir lipéad uirthi.**<br> | 15 |

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann Bréagáin ACE Teo as a shuíomh gréasáin féin a bheith aige.**<br>• Rochtain ar mhargadh níos leithne/ar mhargadh domhanda 24/7 – oscailte do gach crios ama<br>• Is féidir fógraíocht a dhéanamh agus na táirgí a dhíol ar líne<br>• Is féidir glacadh le híocaíocht i gcomhair díolachán ar líne<br>• Díolacháin/brabúis mhéadaithe<br>• Cumarsáid láithreach le custaiméirí agus aiseolas láithreach uathu<br>• Is féidir féachaint ar an táirge ar line. | 10 |
| **(E)** | **Roghnaigh meán oiriúnach fógraíochta chun aire tomhaltóirí a tharraingt ar 'SPRAOI' agus tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a bhí le do rogha.**<br>***Meán:***<br>- Teilifís<br>- Raidió<br>- Irisleabhair/Nuachtáin<br>- Idirlíon<br>- Cláir fógraí<br>- Post díreach<br><br>***Cúiseanna sainiúil leis an meán a roghnaíodh:***<br>• Oiriúnach don táirge<br>• Lucht éisteachta/féachana leathan<br>• Spriocmhargadh sainiúil<br>• Costas/Buiséad ar fáil<br>▪ Fad an fheachtais fógraíochta. | 20 |
| | **MARCANNA ATÁ AR FÁIL** | **75** |

| CEIST 8: | BAINISTÍOCHT / GNÓ I nGNÍOMH |
|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Mínigh trí bhuntáiste a bhaineann le hainm branda a chur ar an sú torthaí orgánach?**<br>• Díolacháin a mhéadú<br>• Difreáiltear an táirge ó iomaitheoirí<br>• Is féidir praghas níos airde a bhaint amach/breisítear a luach<br>• Cuidíonn sé le fógraíocht<br>• Is féidir dílseacht do bhranda a chruthú<br>• Is féidir tuilleadh táirgí a thabhairt isteach. | 20 |
| **(B)** | **Mínigh a bhfuil i gceist le 'Gné Uathúil Dhíolacháin' (USP).**<br>Is éard is Gné Uathúil Dhíolacháin táirge ann ná an ghné nó an tréith a dhifreálann an táirge sin óna iomaitheoirí. | 10 |
| **(C)** | **Mínigh dhá cheann de na céimeanna seo a leanas sa Phróiseas Forbartha Táirge:**<br>**(i) Giniúint Smaointe**<br>**(ii) Forbairt Fréamhshamhla**<br>**(iii) Margaíocht Tástála**<br><br>(i) **Giniúint Smaointe –** baineann sé seo le smaointe nua a cheapadh do tháirge nua nó do tháirge feabhsaithe. D'fhéadfaí go leor smaointe a chur san áireamh sula ndéantar cinneadh.<br><br>(ii) **Forbairt Fréamhshamhla –** baineann sé seo leis an gcéad samhail de tháirge a dhéanamh. Déantar é seo lena fheiceáil an oibríonn an dearadh, chun an chaoi a bhfeidhmíonn táirge a fheiceáil, lena fháil amach an bhfuil sé inghlactha do thomhaltóirí, chun fadhbanna a shainaithint agus chun athruithe riachtanacha a dhéanamh roimh chinneadh a dhéanamh dul i mbun táirgeachta.<br><br>(iii) **Margaíocht Tástála –** baineann sé seo le tástáil a dhéanamh ar tháirge nua i measc líon beag custaiméirí féideartha chun a dtuairimí agus aiseolas a fháil. Cinnfear anseo ar cheart margaíocht a dhéanamh ar an táirge mar ghnóthas tráchtála iomlán. | 15 |

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | **Dréacht de litir iarratais Dheirdre Nic Aogáin:**<br>***37 Páirc na Darach***<br>***Baile Átha Luain***<br>***Co. na hIarmhí.***<br><br>***13 Meitheamh 2013***<br><br>***Muireann Pender***<br>***Bainisteoir Acmhainní Daonna***<br>***Súnna Nádúrtha na hÉireann Teo.***<br>***Páirc Tionscail an Bhaile Nua***<br>***An Baile Nua***<br>***Co. Thiobraid Árann.***<br><br>***Maidir le: Post an Bhainisteora Airgeadais***<br><br>***A Iníon Pender Uasail***<br><br>Táim ag tagairt don fhógra maidir le post an Bhainisteora Airgeadais ag Súnna Nádúrtha na hÉireann Teo. Ba mhaith liom iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.<br><br>***Bhain mé céim Gnó amach in UCD*** agus tá mé ag obair mar ***Chuntasóir in Craven Teo., Baile Átha Cliath le trí bliana anuas.***<br><br>Tá mé ***an-dícheallach, fuinniúil agus anailíseach.*** Tá ***scileanna maithe cumarsáide agus ceannaireachta*** agam agus measaim go mbeinn an-oiriúnach don phost seo.<br><br>Tá mo Curriculum Vitae faoi iamh.<br><br>***Is mise le meas***<br><br>*Deirdre Nic Aogáin*<br>***Deirdre Nic Aogáin*** | 20 |
| **(E)** | **Mínigh an téarma 'Fostóir Comhionannas Deiseanna'.**<br><br>Is cuideachta atá i bhFostóir Comhionannas Deiseanna a fhostóidh daoine gan leithcheal a dhéanamh ar inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, reiligiún, aois, cine, míchumas, gnéaschlaonadh ná ballraíocht den lucht siúil. Roghnófar fostaithe, tabharfar ardú céime dóibh agus caithfear go cothrom leo ar bhonn a gcumais, oiriúnachta agus de réir riachtanas aon phoist a ofráiltear. | 10 |
| | **MARCANNA ATÁ AR FÁIL** | **75** |

Leathanach Bán